



Polasaí Inbhuanaitheachta

1. Réamhrá agus Misean

Tá Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin tiomanta do thimpeallacht scoile atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chothú. Mar phobal scoile, aithnímid ár bhfreagracht i leith na hAeráide agus an chomhshaoil. Tá an polasaí seo deartha chun cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn i saol laethúil na scoile, ag teacht le luachanna an Ghaelcholáiste maidir le meas, pobal, agus an todhcháí.

2. Aidhmeanna an Pholasaí

- **Feasacht:** Tuiscint an phobail scoile ar cheisteanna comhshaoil a mhéadú trí churaclam na scoile agus trí ghníomhaíochtaí seach-churaclaim.
- **Laghdú Dramhaíola:** Cur chuige "Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil" a chur i bhfeidhm go docht.
- **Caomhnú Fuinnimh:** Tomhaltas leictreachais agus uisce sa scoil a laghdú.
- **Taisteal Inbhuanaithe:** Spreagadh a thabhairt do dhaltaí agus d'fhoireann siúl, rothaíocht, nó úsáid a bhaint as iompar poiblí.

3. Príomhréimsí Gníomhaíochta

A. Bainistíocht Dramhaíola

- Feidhm a bhaint as boscaí bruscair deighilte (athchúrsáil, dramhaíl ghinearálta, agus múirín) i ar fud na scoile.
- Spreagadh a thabhairt do dhaltáí lón "saor ó dhramhaíl" a thabhairt isteach, buidéil in-athúsáidte, gan plaisteach aonúsáide mar shampla.
- **An Polasaí Gan Pháipéar:** Cumarsáid leis na tuismitheoirí a dhéanamh trí Tyro agus/nó ríomhphost chun úsáid páipéir a laghdú.

B. Fuinneamh agus Uisce

- Soilse agus trealamh teicneolaíochta a mhúchadh ag deireadh gach ranga.
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfearais tíosaí ar fhuinneamh nuair is féidir.
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid uisce agus sceitheadh a dheisiú láithreach.

C. Bithéagsúlacht agus Timpeallacht na Scoile

- Limistéar fiáin forbartha ar thailte na scoile chun beacha agus an nádúr áitiúil a chosaint.
- Laghdú ar úsáid ceimiceán nó lotnaidicídí ar thailte na scoile.

4. Rólanna agus Freagrachtaí

- **An Bord Bainistíochta:** Tacú le tionscadail inbhuanaitheachta agus acmhainní a chur ar fáil.
- **An Coiste Glas:** Coiste gníomhach de dhaltáí agus de mhúinteoirí a bheidh i gceannas ar an mbratach ghlas agus ar fheachtais feasachta.

- **An Fhoireann Scoile:** Eiseamláir mhaith a léiriú do na daltaí maidir le caomhnú acmhainní.
- **Na Daltaí:** Meas a bheith acu ar thimpeallacht na scoile agus páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail an Choiste Ghlais.

5. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go bliantúil, nó mar is ghá, chun dul chun cinn na scoile a thomhas i gcoinne ár spriocanna comhshaoil.

Síniú an Chathoirligh: _____

Síniú an Phríomhoide: _____

Dáta: _____